Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1093

16.5.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 254/2023**

**an 27 Deireadh Fómhair 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1093]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas ([1]), arna cheartú le IO L 316, 8.12.2022, lch. 100, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún ([2]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Baineann an Cinneadh seo, *inter alia,* le reachtaíocht maidir le hainmhithe beo cé is moite d'éisc agus ainmhithe dobharshaothraithe. An reachtaíocht a bhaineann leis na hábhair sin, ní bheidh feidhm aici maidir leis an Íoslainn, mar a shonraítear i mír 2 den Chuid Réamhráiteach de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE.

(4) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí tréidliachta, ábhair bheatha agus ábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí tréidliachta, ábhair bheatha agus ábhair bhia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I agus i réamhrá Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 11bza (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353 ón gCoimisiún) i gCuid 1.1 de Chaibidil I:

   '11bzb. **32022 R 2292**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1), arna cheartú le IO L 316, 8.12.2022, lch. 100.'

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31qy (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353 ón gCoimisiún) de Chaibidil II:

   '31qz. **32022 R 2292**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1), arna cheartú le IO L 316, 8.12.2022, lch. 100.'

([1]) IO L 304, 24.11.2022, lch. 1.
([2]) IO L 131, 17.5.2019, lch. 18.

3. Scriostar téacs phointe 11bi (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún) i gCuid 1.1 de Chaibidil I agus téacs phointe 31qi (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún) de Chaibidil II.

*Airteagal 2*

Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 164zc (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 ón gCoimisiún) de Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

   '164zd.**32022 R 2292**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1), arna cheartú ag IO L 316, 8.12.2022, lch. 100.'

2. Scriosfar téacs phointe 164i (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún).

*Airteagal 3*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, arna cheartú le IO L 316, 8.12.2022, lch. 100, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 28 Deireadh Fómhair 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Pascal SCHAFHAUSER

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.